

## CAIBIDIL 25

### AN AILTIREACHT

#### Cruinneachán i gcomhair Ardeaglais Santa Maria del Fiore

Is nuair a reáchtáladh an comórtas le haghaidh doirse nua Bhaistealann San Giovanni i bhFlórans sa bhliain 1400 a tháinig ainm Filippo Brunelleschi chun suntais den chéad uair. De réir na scéalta, bhí sé suaite go mór nuair a bhuaigh a chéile iomaíochta, Lorenzo Ghiberti, an comórtas. Ach dá mbeadh Brunelleschi tar éis an comórtas sin a bhuanach bheadh insint eile ar fad ar stair an Renaissance, mar d'fhill sé ar Fhlórans na blianta ina dhiaidh sin chun dul in iomaíocht i gcomórtas eile - comórtas a bhí gach pìoc chomh géar gangaideach leis an gceann eile.

#### Comórtas Nua

Sa bhliain 1418 fógraíodh comórtas le haghaidh mionsamhlacha agus dearthaí chun cruinneachán a thógáil i gcomhair Ardeaglais Santa Maria del Fiore. Is iomaí innealtóir agus ailtire a ghlac páirt ann ach bhí Brunelleschi meáite ar an gcoimisiún a bhuanach.

#### An Ardeaglais á Tógáil

Faoin tráth sin bhí obair ar siúl ar thógáil na hardeaglaise ar feadh breis agus céad bliain. Dearadh an ardeaglais sa tslí is go mbeadh spás inti le haghaidh daonra na cathrach uile. Chomh maith leis sin, bheadh sí ar an ardeaglais ba bhreátha agus ba ghalánta i réimse na Críostaíochta. Rinneadh roinnt mhaith athruithe ar an dearadh de réir mar a bhí an tógáil ag dul ar aghaidh ach faoin mbliain 1418 bhí an foirgneamh

críochnaithe, nach mór, an cruinnbhloc ar a luífeadh an cruinneachán san áireamh. Ní raibh le déanamh, más ea, ach an cruinneachán féin.

#### Dearadh an Chruinneacháin

Reachtáladh comórtais agus pléadh iliomad pleananna agus dearthaí i bhFlórans le haghaidh na hoibre ar feadh na mblianta ach níor réitíodh na fadhbanna. Ní rabhthas tar éis aon ní dá short a thógáil san Iodáil ó aimsir na Sean-Rómhánach. Ní raibh ailtire san Eoraip, gan trácht ar an Iodáil, a raibh an t-eolas ná an taithí cuí aige le tabhairt faoi. D'fhág sin nach raibh tuairim dá laghad ag aon duine conas an chúpóil ollmhór a thógáil a chlúdódh an bhearna mhór. Thug Brunelleschi ar bheirt de na dealbhóirí ba nuálaí de chuid an ama sin, Donatello agus Nanni di Banco, chun cabhrú leis

286



FÍOR 25.1 Ardeaglais Santa Maria del Fiore, Flórans



**FIGÚR 25.2** Mionsamhail de chruinneachán Santa Maria del Fiore, Filippo Brunelleschi, Músaem na hArdeaglaise, Flórans

agus chruthaigh siad mionsamhail (fíor 25.2) a chuaigh i gcion chomh mór sin ar na breithiúna gur bhronn siad an coimisiún air láithreach bonn.

### Filippo Brunelleschi (1377–1446)

Rugadh agus tógadh Filippo i bhFlórans. Nótaire ba ea a athair agus ceapadh go ngabhadh sé leis an ngairm chéanna. Ach i ndeireadh báire ceadaíodh dó staidéar a dhéanamh ar na hábhair a raibh dúspéis aige iontu - an ealaín agus an dearadh agus an mheicníocht. Thosaigh sé ag obair le gabha óir, áit ar fhoghlaim sé cabhraíocht, greanadóireacht in airgead agus conas fíoracha beaga a theilgean. I ndeireadh báire, bhí sé ina dhealbhóir, ina ailtire, ina phéintéir agus ina scoláire. Fear Renaissance ceart a bhí ann. Naisc sé an teoiric agus an gníomh le chéile chun dlíthe na peirspeictíochta a chur i bhfocail, rud a chruthaigh réabhlóid agus a d'fhág a rian ar an saol go dtí an lá atá inniu ann. D'fhoghlaim sé a lán freisin ó fhoirgnimh na Sean-Róimhe.

### Cruinneachán Bhrunelleschi


Ba rud ar leith é an dearadh a rinne Brunelleschi le haghaidh cúpóil a sheasfadh aisti féin. Sna dearthaí eile theastaigh scafaill adhmaid a bheadh láidir go leor chun meáchan an chruinneacháin a iompar, rud a chruthódh fadhbanna millteacha teicniúla. Bhí cur chuige nua ag Brunelleschi a réitigh na deacrachtaí sin, cur chuige a bhí nuálach, cliste.

### Cúpóil dhá chreatlach

I dtús báire, chruthaigh sé cineál scafaill a thosaigh ag barr an chruinnbhloic (seachas ar an talamh). Ansin tharraing sé chuige sárbheart - cúpóil dhá chreatlach a raibh cosán siúil agus céimeanna idir na ballaí. Ar mhaithe le neart agus cobhsaíocht bhain sé leas as easnacha ollmhóra cloiche chun an dá chreatlach a nascadh le chéile. I dtreo is nach lúbfadh an cruinneachán faoina mheáchan féin d'úsáid sé sraith de shlabhraí cloiche chun gach ceann de na hocht n-aghaidh a neartú.


### Áirse a sheasfadh aisti féin

Ba mhór an chabhair do Bhrunelleschi a shaineolas ar an matamaitic, ar an gcéimseata agus ar an meicnic chomh maith leis an staidéar a bhí déanta aige ar fhoirgnimh na Sean-Róimhe. Thuig sé go gcaithfeadh boghta ciorclach




**FIGÚR 25.3** Slabhraí cloiche taobh istigh de na hocht n-aghaidh. Úsáideadh sraith de shlabhraí chun tuilleadh nirt a thabhairt don chruinneachán. Baineadh leas as ceithre shlabhra cloiche agus slabhra amháin adhmaid chun nach lúbfadh sé.

a mbeadh a aghaidh dírithe isteach bheith ábálta seasamh as féin gan taca. Chuige sin, bhain sé leas as teicnic chliste a d'fhoghlaim sé ó Phanteon na Róimhe. Bhí patrún cnámh scadáin faoin mbríceadóireacht sna ballaí, d'fhág sé sin go dtacódh gach sraith a leagfaí leis an tsraith a leagfaí os a cionn. Chum Brunelleschi cleas nua eile



**FIGÚR 25.4** Bríceadóireacht i mballaí an chruinneacháin.



**FÍOR 25.5** Balla ochtagánach an chruinneacháin, tógadh boghta cíorlach laistigh de thiús an bhalla agus gearradh taobhanna an ochtagáin amach as an mboghta.



**FÍOR 25.6** Cruinneachán Santa Maria del Fiore, Filippo Brunelleschi



**FÍOR 25.7** Lóchrann Santa Maria del Fiore, Filippo Brunelleschi

chun nach dtitfeadh an cruinneachán isteach air féin, is é sin, balla ochtagánach a thógáil a mbeadh fáinne cíorlach taobh istigh dá thiús (fíor 25.5).

### An Lóchrann

D'éirigh chomh hiontach sin leis an gcúpóil gur bhuaigh Brunelleschi an chéad áit i gcomórtas eile - an comórtas chun lóchrann a chur ar bharr na cúpóile. Níor mhair sé fada go leor le toradh a shaothair a fheiceáil, áfach. Fuair sé bás sa bhliain 1446, an bhliain ar tosaíodh ar an tógáil. Ní hamháin gur chuir a dhearadh an sméar mhullaigh ar an gcruinneachán féin ach chuir sé gnéithe úrnua ailtireachta leis agus mheasc iad le gnéithe clasaiceacha (fíor 25.7) Faoi sholas an lae níl ach dath amháin - dath bán - a chuireann cuma éadrom ar an bhfoirgneamh. Ach tríd an marmar bán a mhúnlú buailtear bob ar an tsúil agus samhlaítear di go bhfuil scáileanna agus éagsúlacht datha sa marmar gealbán. Is breá an chontrárthacht atá idir na tíleanna donnrua ar na hocht n-aghaidh agus an dath bán ar na heasnachá láidre agus iad ag teannadh isteach i dtreo an lóchrainn agus na liathróide móire ar a seasann an chros.

## Tionchar an tSaoil Chlasaicigh


Ba é an príomhthréith a bhain le dearthaí Brunelleschi ná meascán dá stíl bhunúil féin agus gnéithe a thug sé leis ó ealaín an tsaol chlasaicigh. Rinne sé staidéar ar chomhréir leachtanna an tsaol chlasaicigh agus lean sé na hoird ailtireachta a bhí leagtha síos ag na Sean-Ghréagaigh agus na Sean-Rómhánaigh ina gcuid foirgneamh.

## Na hOird Chlasaiceacha

Bhain rialacha, nó oird, dochta leis an gcaoi inar tógadh teampaill na Gréige agus rinne na Rómhánaigh aithris orthu ina gcuid foirgneamh féin. Ba é an dearadh bunúsach ná bloc lárnach agus póirseáid ar na ceithre thaobh a raibh colúin ann agus mullaí ar a mbarr sin. Bhí trí chineál colúin ann - Colún Dórach, Iónach agus Corantach (fíor 25.8). Bhain na rialacha freisin leis na sonraí ar an gcuid uachtarach (taibhléadan) de na foirgnimh - an chuid a d'iompair na colúin.

## Conclúid

Tá cruinneachán cuair ollmhór Brunelleschi ar cheann de na sainchomharthaí tíre is mó i bhFhlórans. Tá sé mar a bheadh scáth gréine mór os cionn na cathrach agus tá an ceangal céanna aige inniu le cnoic na Tuscáine mórtimpeall agus a bhí in aimsir Brunelleschi féin.



FÍOR 25.8 Oird Chlasaiceacha na hailtireachta

## Lorenzo Battista Alberti

Díbríodh teaghlach saibhir baincéireachta Leon Battista Alberti as Flórans sular bhláthaigh an Renaissance. Daonnachtaí mór ba ea é agus chaith sé tamall i gcúirt an Phápa. D'fhill sé ar Fhlórans go déanach sa 15ú haois agus nuair a chonaic sé an borradh a bhí faoi chúrsaí ealaíne sa chathair bhí an dubh-iontas air. Chonaic sé dealbh Donatello, í geall le bheith beo, freascóinnna Masaccio agus iad fós úrnua agus cruinneachán Brunelleschi agus é nach mór críochnaithe. Spreag an méid a chonaic sé é chun leabhar a scríobh - an chéad leabhar a bhain leis an Renaissance ar chúrsaí ealaíne.

## Maidir le Cúrsaí Péintéireachta

Níorbh é stair na healaíne, ná lámhleabhar ar theicnící péintéireachta a bhí sa tráchtas *De Pittura* (Cúrsaí Péintéireachta) a scríobh Alberti. Ina áit sin chuir sé teoiricí nua réabhlóideacha chun cinn. Ba é a bhí á mhaíomh aige ná go mba cheart ealaíontóirí a aithint mar intleachtóirí agus go mbeadh stádas níos airde acu sa tsochaí. Thug sé moladh ar leith do na dealbhóirí, Donatello, Ghiberti agus Luca della

Robbia, chomh maith leis an bpéintéir, Masaccio - fear a bhí díreach básaithe agus gan é ach 27 bliain d'aois. Chuaigh obair Brunelleschi chomh mór sin i gcion ar Alberti gur thiomnaigh sé a leabhar dó.

## Ar Ealaín na Tógála

D'fhoilsigh Alberti leabhar eile *De Re Aedificaria* (Ar Ealaín na Tógála) a chuir dearcadh nua chun cinn maidir le cúrsaí ailtireachta. Mhol sé gur cheart cathracha a phleanáil. Ina lár bheadh na foirgnimh stáit, na teampaill agus na pálás agus ina dtimpeall na tithe ina mbeadh gach aicme den phobal ina gcónaí, iad ag maireachtáil go síochánta le chéile i dtimpeallacht ghalánta.

Go pointe áirithe, tá sé bunaithe ar lámhscríbhinn Rómhánach a scríobh Vitruvius, ailtire de chuid na Sean-Róimhe. Ach tá sé bunaithe freisin ar an mionscrúdú a bhí déanta aige féin ar fhoirgnimh chlasaiceacha na Sean-Róimhe. Chuaigh Alberti le hailtireacht agus ar nós Brunelleschi bhí an-tóir ag pobal na hIodáile ar an stíl nuachlasaiceach aige.

### **Ceisteanna**

1. Céard a d'imir tionchar ar an dearadh ailtireachta in aimsir an Renaissance?

### **Aiste**

1. Ainmnigh dhá fhoirgeamh i bhFlórans a dhear Brunelleschi, déan cur síos orthu agus scríobh nóta eolais fúthu.

### **Staidéar ar phictiúr daite**

1. Scrúdaigh cruinneachán Ardeaglais Santa Maria del Fiore i bhFlórans (fíor 25.1) agus déan plé ar an ngaol atá aige lena shuíomh sa chathair agus an ceantar máguaird.